

**TAPAIGH AN DEIS**

**An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**

**slí a bhféadfaidh tusa an beartas Eorpach a mhúnlú**

## BILEOG EOLAIS

# AN MIOTAS AGUS AN FHÍRINNE

**Is deis atá sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach Eorpach le gur féidir leat dul i gcion ar bheartais an Aontais a mbíonn tionchar acu ar do shaol.**

**MIOTAS 01**

### Mura mbíonn aon reachtaíocht ann dá bharr, ní fiú é:

**AN FHÍRINNE**

1. **Fiú amháin mura ritear reachtaíocht de thoradh ar thionscnamh, féadfaidh sé, mar sin féin, feasacht a ardú agus díospóireacht a chothú i dtaca le saincheisteanna áirithe.**
2. **Cabhraíonn sé chun líonraí a fhorbairt ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.**
3. **Cuireann sé saincheisteanna ar a súile do lucht ceaptha beartas agus d'fhéadfadh gníomhaíochtaí leantacha fónta eile a bheith mar thoradh air.**

**MIOTAS 02**

### Tá ráta diúltaithe an-ard ann ag céim an chláraithe:

**AN FHÍRINNE**

1. **Cláraíodh 90% de na tionscnaimh bheartaithe ó 2015 i leith! Agus ó bhí mí Eanáir 2020 ann, nuair a tháinig na rialacha nua i bhfeidhm, níor diúltaíodh do thionscnamh ar bith[1].**
2. **Ní dhiúltaítear tionscnamh a chlárú ach amháin más léir nach dtagann an tionscnamh faoi raon feidhme chumhachtaí an Choimisiúin, nó más rud é go bhfuil sé míchuí, suaibhreosach nó contrártha do luachanna an Aontais.**
3. **Tá feabhas curtha ag an gCoimisiún ar an tacaíocht a thugtar do na heagraithe trí sheirbhís neamhspleách comhairliúcháin (ECI Forum) a chur ar fáil agus tá cead tugtha aige tionscnaimh a chlárú i bpáirt, ar mhaithe leis an ráta diúltaithe a laghdú.**

[1] Stádas: Deireadh Fómhair 2021

**MIOTAS 03**

### Caint san aer is ea an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ó thaobh an Choimisiúin de:

**AN FHÍRINNE**

1. **Tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar na príomhuirlisí atá ann le haghaidh rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas an Aontais. Pléann an Coimisiún Eorpach go dáiríre le gach tionscnamh rathúil agus míníonn sé go soiléir an réasúnaíocht taobh thiar dá chinntí maidir le bearta leantacha.**
2. **Chun go n-éireoidh le tionscnamh, déanann an Coimisiún an méid seo a leanas:**
   - eagraíonn sé cruinniú idir na heagraithe agus na Coimisinéirí freagracha,
   - eagraíonn sé díospóireacht phoiblí leis na príomhpháirtithe leasmhara i bParlaimint na hEorpa,
   - aontaíonn sé agus foilsíonn sé freagra foirmiúil.
3. **Tá na rialacha nua i bhfeidhm ó 2020 i leith agus tá sé níos éasca úsáid a bhaint as an uirlis dá mbarr. Tá níos mó ama ann freisin don phróiseas leantach, tá an t-ardú feasachta níos fiúntaí agus tá díospóireacht phoiblí níos fearr ann sula nglacann an Coimisiún a fhreagra.**

MIOTAS 04

# Is ábhar díomá é an obair leantach le haghaidh na dtionscnamh a bhain amach an tacaíocht ba ghá:

**AN FHÍRINNE**

Tar éis an tionscnaimh **"Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta"**,
gheall an Coimisiún togra reachtach a thabhairt i láthair faoi dheireadh 2023 chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid córas cásanna le haghaidh na n-ainmhithe uile atá luaite sa tionscnamh, agus an úsáid sin a thoirmeasc sa deireadh thiar.

Tar éis an tionscnamh **"Minority SafePack":**

Mheas an Coimisiún go ndearnadh réimse leathan beart a thugann aghaidh ar roinnt gnéithe de mholtaí an tionscnaimh ón uair a cuireadh i láthair ar dtús é in 2013. Cé nár moladh aon ghníomh dlíthiúil eile, soláthraítear le cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta agus na mbeart atá ann cheana áiseanna cumhachtacha chun tacú le spriocanna an tionscnaimh.

De thoradh an tionscnaimh **"Cuirtear toirmeasc ar an ngliofosáit agus cosnaítear daoine agus an comhshaol ar lotnaidicídí tocsaineacha":**

1. Tháinig togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú riosca an Aontais sa bhiashlabhra. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Rialachán i mí an Mheithimh 2019. Tháinig an reachtaíocht nua sin i bhfeidhm i mí an Mhárta 2021.
2. Rinneadh níos mó iniúchtaí agus teagmhála leis na Ballstáit ó 2017 i leith chun comhlíonadh na Treorach maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí a chinntiú.
3. Tá táscairí riosca comhchuibhithe, a bunaíodh le Treoir 2019/782 ón gCoimisiún, i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2019.

Tar éis an tionscnaimh **"Stop Vivisection"**, rinne an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. D'aithin sé go raibh gá le dlús a chur leis an dul chun cinn i dtaca le tástálacha ainmhithe a laghdú agus a mhionchoigeartú, agus tástálacha eile a chur ina n-áit.
2. Thug sé gealltanas go dtabharfadh sé tacaíocht chun cineálacha cur chuige bailí eile a fhorbairt.

De thoradh an tionscnaimh **"Right2Water":**

1. Chuir an Coimisiún togra ar aghaidh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hUisce Óil chun rochtain ar uisce a fheabhsú agus chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag grúpaí leochaileacha agus imeallaithe air. Tháinig an Treoir athbhreithnithe i bhfeidhm an 12 Eanáir 2021.
2. Mhol an Coimisiún rochtain do gach duine ar fud an domhain ar uisce agus sláintíocht a bheith ar cheann de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chlár oibre na Náisiún Aontaithe do 2030.
3. Tá tagairt fhollasach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta don "cheart ar uisce".

BILEOG EOLAIS

# AN MIOTAS AGUS AN FHÍRINNE



## TAPAIGH AN DEIS

**An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**

KA-01-21-381-GA-N

MIOTAS 05

### Tá an uirlis róchasta agus deacair le húsáid:

AN FHÍRINNE

1. A bhuí le rialacha nua atá bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí agus atá i bhfeidhm ó bhí 2020 ann, tá sé níos éasca tionscnaimh a chur ar bun, a chlárú, a eagrú agus tacú leo.
2. Fágann na rialacha nua go bhfuil an próiseas clárúcháin feabhsaithe agus go dtugtar níos mó tacaíochta d'eagraithe trí ECI Forum.
3. Laghdaíodh líon na sonraí pearsanta is gá chun tacú le tionscnamh agus tá treoir mhionsonraithe d'eagraithe ar fáil freisin.
4. Ní gá d'eagraithe a n-uirlis bailithe ar líne féin a bhunú mar is féidir leo úsáid a bhaint as uirlis atá á bainistiú ag an gCoimisiún, uirlis a bhfuil gnéithe slándála an-ard ag baint léi. Bíonn an Coimisiún i gcónaí ag cur feabhas ar sho-úsáidteacht na huirlise, an rochtain ó ghléasanna móibíleacha san áireamh. Ceadaítear tacaíocht trí ríomh-shainaitheantais (eID) faoi na rialacha nua freisin.

MIOTAS 06

### Níl cur amach ag aon duine ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh:

AN FHÍRINNE

1. De réir Flash Eurobarometer 485, tá 3 as gach 4 shaoránach (75%) ar an eolas faoina gceart páirt a ghlacadh i dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.
2. Is é is aidhm d'fheachtas faisnéise faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (#EUTakeTheInitiative), agus do bhearta eile ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, níos mó saoránach a chur ar an eolas faoina gceart Ttonscnamh a thosú nó tacú le ceann.
3. Tá ról le himirt ag gach duine chun go n-éireoidh leis an Tionscnamh – mar sin is gá an scéal a scaipeadh!

AN TAONTAS EORPACH

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, nó chun liosta na dtionscnamh ar féidir tacú leo faoi láthair a fheiceáil, téigh chuig:
**ec.europa.eu/citizens-initiative**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

**#EUTakeTheInitiative**

© An tAontas Eorpach, [2021] Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

ISBN 978-92-76-42757-5 – DOI 10.2792/861400